



Údarás na  
Gaeltachta

### Riarthóir Post ar Chonradh Bliana

Tá folúntas ag Údarás na Gaeltachta ar bhunús conradh bliana do dhuine cumasach i gcúrsaí riaracháin agus le líofacht Ghaeilge le hoibriú in Ardoifig an Údaráis sna Forbacha, Co. na Gaillimhe.

Beifear ag súil go mbeidh an té a cheapfar cumasach agus muiníneach agus go mbeidh sé/sí in ann a léiriú go bhfuil scileanna maithe eagrúcháin aige/aici agus gur féidir leis/léi oibriú go héifeachtach le daoine eile.

Beidh na tréithe/na scileanna seo a leanas ag an té a cheapfar sa phost:

- Scil sa chumarsáid agus in ann oibriú go neamhspleách agus mar chuid d'fhoireann araon,
- Sárchaighdeán Gaeilge agus Béarla, idir labhartha agus scríofa,
- Sárscileanna riaracháin,
- Ard-chumas scileanna ríomhaireachta,
- Tuiscint leathan ar obair na heagraíochta agus ar chúrsaí Gaeltachta.

#### Dualgais

An rannóg a bhainistiú ó thaobh riaracháin de. Seirbhís ghinearálta rúnaíochta a chur ar fáil, lena n-áirítear ríomhaireacht, comhdú, cóipeáil, comhad-choimeád, córais taifeadta postais, teachtaireachtaí cumarsáide leictreonach agus teileafóin, mar aon le fáiltiú roimh chuariteoirí agus cruinnithe a shocrú.

Tá tuarastal €28,181 ag dul leis an bpost ag brath ar thaithe/cháilíochtaí. Beidh an té a cheapfar lonnaithe in Ardoifig an Údaráis, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe.

Seol iarratas, mar aon le CV i nGaeilge, roimh an 4in Aoine an 20 Bealtaine 2022 chuig [foluntais@udaras.ie](mailto:foluntais@udaras.ie)

*Is fostaitheoir comhionannais é Údarás na Gaeltachta  
agus is í an Ghaeilge a theanga oibre.*